

FOCLÓIR

Fuinneamh gan fasgadh ina chainnt

Pic an oidhche chomh dubh le pic

gealachan an lae

Bun lochtuighthe le féar tirim – leath an lucht (long)

Chithfidh Dia nach bhfuil (is fíor nach bhfuil)

Sgúidirín cloch treasna an bhóthair – nach sin iad na diabhair, chuireadar sgúidirín clocha treasna an bhóthair.

Cloch neart – badh é a chloch neart é (its utmost)

Bainne sláinte – diabhal bainne sláinte a chuaidh ina bhéal ó shoin (an tsláinte a bheith caillte)

Chriothnuigh sé é féin (He shrugged shoulders)

Mí-chéadfach – breathnú mí-chéadfach (peevish)

Droch measúil breathnú = droch mheasúil aige orm

Is áin liom do chuid a bhodaigh ach ní háin liom tú féin

Fuar-chúis – le fuarchúis ar an duine – gan aon mheas agat air

Glac sí fuarchúis ar an bhear

Ba bheag le rádh é féin agus bhfaca tú an ghnús a tháinig ina éadan le fuarchúis ar an duine eile.

Grainc – cor sa tsróin (Grainnc disdainful look)

Grainnc ina éadan is beagnach ionann é agus streill

Gnús na caile aice, gnús a bhodhaigh aige.

Col glac sé col leis (biadh) nó duine salach, níor thaithnigh an rud leis

Ag sugh snís = Sniffing

Éad – ghlac mé éad leis an ainm agus chuir mé ainm eile ar an bpáiste.

Sháruigh sé na ceithre sgór – ghlan sé na ceithre sgór

Súile friochanta – deas beo bíogmhar gan a bheith fiadhain, nó marbhánta

Aiféiseach – duine áiféiseach = boastful

Piríochaí – tá a chuid piríochaí dhe aige = buairt an tsaoghail curtha dhe aige

Tam, leisgiúil – ar bheagán deifre.